*Uimhir* 38 *de* 1996

# An tAcht um Chionta Gnéasacha (Dlínse), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 38 *de* 1996

**AN tACHT UM CHIONTA GNÉASACHA (DLÍNSE), 1996**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Léiriú.
2. Cionta gnéasacha a dhéantar lasmuigh den Stát.
3. Cion arb éard é duine a iompar chun a chumasú cion lena mbaineann *alt 2(1)* a dhéanamh.
4. Cion arb éard é faisnéis a fhoilsiú ar dóigh di déanamh ciona lena mbaineann *alt 2(1)* a chur chun cinn, etc.
5. Cionta ag comhlachtaí corpraithe.
6. Pionóis.
7. Imeachtaí lena mbaineann *fo-ailt (1), (2)* agus *(6) d'alt 2*.
8. Fianaise maidir le haois duine.
9. Contúirt dhúbailte.
10. Cumhacht cuardaigh.
11. Gearrtheideal.

AN SCEIDEAL

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935 | 1935, Uimh. 6 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981 | 1981, Uimh. 10 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990 | 1990, Uimh. 32 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993 | 1993, Uimh. 20 |

**AN tACHT UM CHIONTA GNÉASACHA (DLÍNSE), 1996**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEATHNÚ DHLÍ COIRIÚIL AN STÁIT CHUIG GNÍOMHARTHA GNÉASACHA A BHAINEANN LE LEANAÍ ARNA nDÉANAMH LASMUIGH DEN STÁT AG SAORÁNAIGH DEN STÁT NÓ AG DAOINE A BHFUIL GNÁTHCHÓNAÍ ORTHU SA STÁT AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [19 *Nollaig*, 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Léiriú.

**1.—**(1) San Acht seo ciallaíonn "leanbh" duine atá faoi bhun 17 mbliana d'aois.

(2) Aon tagairt san Acht seo d'aon achtachán, forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú, cibé acu roimh an Acht seo a rith nó dá éis, le haon achtachán dá éis sin nó faoi.

Cionta gnéasacha a dhéantar lasmuigh den Stát.

**2.—**(1) I gcás go ndéanfaidh duine, is saoránach den Stát nó ar a bhfuil gnáthchónaí sa Stát, gníomh in áit seachas an Stát ("an áit") i gcoinne linbh nó a bhaineann le leanbh—

(*a*) ar cion é faoi dhlí na háite, agus

(*b*) ar chion é dá ndéanfaí laistigh den Stát é faoi achtachán a shonraítear sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo nó dá dtagraítear in achtachán den sórt sin,

beidh sé nó sí ciontach sa dara cion a luaitear.

(2) I gcás go bhféachfaidh duine, is saoránach den Stát nó ar a bhfuil gnáthchónaí sa Stát, le cion a dhéanamh ar cion é de bhua *fho-alt (1)* den alt seo ("an príomhchion"), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, pionós a chur air nó uirthi nach mó ná an pionós a dhlífí a chur air nó uirthi dá mba sa phríomhchion a chiontófaí é nó í.

(3) I gcás go gcabhróidh nó go neartóidh duine le cion a dhéanamh, nó go gcomhairleoidh sé nó sí cion a dhéanamh, nó go ndéanfaidh sé nó sí déanamh ciona a thabhairt i gcrích, sa Stát, ar cion é de bhua *fho-alt (1)* den alt seo, beidh sé nó sí ciontach sa chion sin.

(4) Maidir le duine is saoránach den Stát, nó ar a bhfuil gnáthchónaí sa Stát, i gcás go gcabhróidh nó go neartóidh sé nó sí le cion a dhéanamh, nó go gcomhairleoidh sé nó sí cion a dhéanamh, nó go ndéanfaidh sé nó sí déanamh ciona a thabhairt i gcrích, lasmuigh den Stát, ar cion é de bhua *fho-alt (1)* den alt seo, beidh sé nó sí ciontach sa chion sin.

(5) I gcás go ndéanfaidh duine comhcheilg le duine eile, nó duine eile a ghríosú, laistigh den Stát, chun cion a dhéanamh, ar cion é de bhua *fho-alt (1)* den alt seo ("an príomhchion"), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, pionós a chur air nó uirthi nach mó ná an pionós a dhlífí a chur air nó uirthi dá mba sa phríomhchion a chiontófaí é nó í.

(6) Maidir le duine, is saoránach den Stát nó ar a bhfuil gnáthchónaí sa Stát, i gcás go ndéanfaidh sé nó sí comhcheilg le duine eile, nó duine eile a ghríosú, lasmuigh den Stát, chun cion a dhéanamh, ar cion é de bhua *fho-alt (1)* den alt seo ("an príomhchion"), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, pionós a chur air nó uirthi nach mó ná an pionós a dhlífí a chur air nó uirthi dá mba sa phríomhchion a chiontófaí é nó í.

(7) Chun críocha imeachtaí i leith ciona lena mbaineann an t-alt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar dhuine sa Stát más rud é go raibh a phríomháit chónaithe nó a príomháit chónaithe aige nó aici laistigh den Stát ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh dhéanamh líomhnaithe an chiona sin.

Cion arb éard é duine a iompar chun a chumasú cion lena mbaineann *alt 2(1)* a dhéanamh.

**3.**—(1) Aon duine a dhéanfaidh socrú sa Stát chun duine a iompar chuig áit laistigh den Stát nó lasmuigh de, nó a údaróidh socrú den sórt sin a dhéanamh le haghaidh duine eile nó thar ceann duine eile, go feasach chun a chumasú don duine sin nó d'aon duine eile cion a dhéanamh, ar cion é de bhua *alt 2(1)* den Acht seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Aon duine a dhéanfaidh duine eile a iompar ó áit sa Stát chuig áit sa Stát nó lasmuigh den Stát, go feasach chun a chumasú don duine sin nó d'aon duine eile cion a dhéanamh, ar cion é de bhua *alt 2(1)* den Acht seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Cion arb éard é faisnéis a fhoilsiú ar dóigh di déanamh ciona lena mbaineann *alt 2(1)* a chur chun cinn, etc.

**4.**—Aon duine a dhéanfaidh faisnéis a fhoilsiú atá beartaithe chun déanamh ciona a chur chun cinn, a mholadh nó a ghríosú nó, ag féachaint do na himthosca go léir, ar dóigh di déanamh ciona a chur chun cinn, a mholadh nó a ghríosú, ar cion é de bhua *alt 2(1)* den Acht seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Cionta ag comhlachtaí corpraithe.

**5.**—I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú aon duine, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh aon duine, is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile dá shamhail de chuid an chomhlachta sin nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, mar aon leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

Pionóis.

**6.**—Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo (seachas cion faoi *alt 2* nó *10),* dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Imeachtaí lena mbaineann *fo-ailt (1), (2)* agus *(6) d'alt 2.*

**7.**—Maidir le himeachtaí i leith ciona ar cion é de bhua *fho-alt (1) d'alt 2* den Acht seo, nó ar cion é faoi *fho-alt (2)* nó *(6) d'alt 2* den Acht seo, féadfar iad a thionscnamh in aon áit sa Stát agus féadfar plé leis an gcion chun gach críche teagmhasaí mar chion a rinneadh san áit sin.

Fianaise maidir le haois duine.

**8.**—In imeachtaí i leith ciona, ar cion é faoi *alt 2* nó *3* den Acht seo nó dá mbua, féadfaidh an chúirt aird a thabhairt ar chuma fhisiciúil nó ar thréithe fisiciúla duine chun a chinneadh an bhfuil an duine sin faoi bhun 17 mbliana d'aois nó an raibh an duine, an tráth a líomhnaítear go ndearnadh an cion lena mbaineann na himeachtaí, faoi bhun 17 mbliana d'aois.

Contúirt dhúbailte.

**9.**—I gcás gur éigiontaíodh nó gur ciontaíodh duine i gcion in áit seachas an Stát, ní shaothrófar imeachtaí i gcoinne an duine sin i leith ciona faoin Acht seo nó i leith ciona ar cion é de bhua an Achta seo, maidir leis an ngníomh arb é an cion céadluaite é.

Cumhacht cuardaigh.

**10.**—(1) Más rud é, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána, gur deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil fianaise ar chion nó a bhaineann le cion faoin Acht seo le fáil in áitreabh a shonraítear san iarratas, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint chun an t-áitreabh sin a chuardach.

(2) Údarófar le barántas a eiseofar faoin alt seo do chomhalta ainmnithe den Gharda Síochána, ina aonar nó ina haonar nó i dteannta aon chomhalta eile den Gharda Síochána dul isteach, laistigh de sheachtain amháin ó dháta an bharántais, agus forneart a úsáid más gá, san áitreabh a bheidh ainmnithe sa bharántas, agus é a chuardach agus aon rud a gheofar ann ar dealraitheach gur fianaise é a bhaineann le cion faoin Acht seo a urghabháil.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheidh ag gníomhú de réir barántais arna eisiúint faoin alt seo a cheangal ar aon duine a gheofar in áitreabh lena mbaineann an barántas a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt don chomhalta sin.

(4) Aon duine a chuirfidh cosc, nó a fhéachfaidh le cosc a chur, ar aon chomhalta den Gharda Síochána a bheidh ag gníomhú de réir barántais arna eisiúint faoin alt seo nó a mhainneoidh nó a dhiúltóidh déanamh de réir ceanglais faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána aon duine a ghabháil gan bharántas i gcás drochamhras a bheith air nó uirthi go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta ag an duine sin.

Gearrtheideal.

**11.**—Féadfar an tAcht um Chionta Gnéasacha (Dlínse), 1996, a ghairm den Acht seo.

*Alt 2.*

## AN SCEIDEAL

1. Alt 1 d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935.
2. Alt 2 d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935.
3. Alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981.
4. Alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
5. Alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
6. Alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
7. Alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993.
8. Alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993.
9. Alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 8/23. MM Packaging. (97524). Gr.30-15.

9 781399 306799